**De réir fhorálacha CHUID XI de na hAchtanna Pleanála, 2000 (arna leasú) agus fhorálacha Chuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, tugtar fógra leis seo go mbeartaíonn Comhairle Chontae Chill Mhantáin a leanas a dhéanamh:**

**74 Aonad Tithíochta Sóisialta agus na hoibreacha gaolmhara go léir a thógáil ag Tigh na hEasca (Baile Fearainn Thigh na hEasca Uachtarach), an tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin. Is éard a bheidh sa chóiríocht: 2 aonad ceithre sheomra aon stór go leith, 17 aonad trí sheomra dhá stór, 45 aonad dhá sheomra dhá stór, 2 árasán aon sheomra in aonad dhá stór agus 8 aonad aon sheomra aon stór.**

De réir Alt 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), tá Comhairle Chontae Chill Mhantáin tar éis teacht ar an gconclúid ó réamhscrúdú de bhun fhorálacha Alt 120(1)(b)(i) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 nach bhfuil aon dóchúlacht ann i ndáiríre go mbeadh tionchar suntasach ar an gcomhshaol ag eascairt as an bhforbraíocht bheartaithe agus nach bhfuil gá le Measúnacht Tionchair Timpeallachta.

I gcás go measann duine ar bith gur dóigh go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbraíocht bheartaithe ar an gcomhshaol, féadfaidh sé nó sí, tráth ar bith roimh dhul in éag 4 seachtaine dar tús dáta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh i gcomhréir le forálacha Alt 120 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú), chuig an mBord Pleanála ar chinneadh scagtha i dtaobh an dóigh go mbeadh éifeachtaí den sórt sin ag an bhforbraíocht.

De réir fhorálacha Alt 250 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú), tá scagadh déanta ag Comhairle Chontae Chill Mhantáin ar an bhforbraíocht bheartaithe chun a mheasúnú, ag féachaint don eolas eolaíochta is fearr, an dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach ag an bhforbraíocht sin, go leithleach nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, ar láithreán Eorpach. Ar an mbonn sin, tá cinneadh déanta ag Comhairle Chontae Chill Mhantáin nach dóigh go mbeadh éifeacht shuntasach ag an bhforbraíocht bheartaithe ar láithreán Eorpach.

Féadfar pleananna agus sonraí na forbraíochta beartaithe, lena n-áirítear conclúidí agus cinntí Chomhairle Chontae Chill Mhantáin (na príomhchúiseanna agus breithnithe ar a bunaíodh na cinntí san áireamh), a rinneadh de bhun Alt 120(1)(b)(i) agus Alt 250 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú), a iniúchadh nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, ag oifigí Chomhairle Chontae Chill Mhantáin, Áras an Chontae, Bóthar an Stáisiúin, Baile Chill Mhantáin agus Ceantar Bardasach an Inbhir Mhóir, Páirc an Chaisleáin, an tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin, ar feadh tréimhse idir **Dé Céadaoin, an 28 Lúnasa 2024 agus Dé Céadaoin, an 25 Meán Fómhair 2024.**

Féadfar aighneachtaí nó barúlacha i ndáil leis an bhforbraíocht bheartaithe, agus aird á tabhairt ar phleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir ina suífí an fhorbraíocht, a dhéanamh i scríbhinn chuig Dave Porter, an tOifigeach Riaracháin, Oifig Tionscadal Caipitil Chomhairle Chontae Chill Mhantáin faoina **12 meán lae, Déardaoin, an 10 Deireadh Fómhair 2024** nó roimhe sin. Ba cheart "Cuid 8 Tigh na hEasca" a bheith marcáilte go soiléir ar aighneachtaí agus ar bharúlacha.

Féadfar aighneachtaí a dhéanamh ar ríomhphost freisin chuig an seoladh seo a leanas: part8@wicklowcoco.ie
Tá tuilleadh eolas ginearálta ar fáil trí theagmháil a dhéanamh le hOifig na dTionscadal Caipitil, an Stiúrthóireacht Iompair, Soláthair Bonneagair & Seirbhísí Éigeandála, Comhairle Chontae Chill Mhantáin, go díreach ar 0404 20120. Beidh fáil ar shonraí maidir le próiseas Chuid 8 ar www.wicklow.ie freisin

Joe Lane
Stiúrthóir Seirbhísí
Iompar, Soláthar Bonneagair & Seirbhísí Éigeandála

Comhairle Chontae Chill Mhantáin, Áras an Chontae, Cill Mhantáin